



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

FISIC AGUS CEIMIC – ARDLEIBHÉAL

Dé Luain, 18 Meitheamh – Maidin, 9:30 go 12:30

Sé cheist a fhreagairt.

Freagair **trí** cheist ar bith as **Roinn I** agus **trí** cheist ar bith as **Roinn II**.


Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

Maidir le gach roinn, áfach, dálfeair marc amháin sa bhreis i gcás gach aon cheann den chéad dá cheist ar gnóthaíodh na marcanna ab airde iontu.


- N.B.** Tá sonraí ábhartha liostaithe sa leabhrán ‘Foirmí agus Táblaí’, atá ar fáil ón bhFeitheoir.

ROIINN I – FISIC (200 marc)


1. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas, (a), (b), (c), etc. Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagraí gearr.*
- (a) Sainmhínigh *diláithriú*.
 - (b) Luaigh *prionsabal imchoimeádta an mhóimintim*.
 - (c) Ríomh an obair a dhéantar nuair a ardaíonn craein cearchaill 125 kg ón talamh chuig airde 50 m mar a thaispeántar i bhFíor 1.
 - (d) Nuair a chruthaítear íomhá de fhrithne, cad is *inbhéartú cliathánach* ann?
 - (e) Seasann na línte poncaithe i bhFíor 2 do ghathanna solais agus iad ag bualadh trí dhiamant dhifriúla a bhfuil a gcruthanna rangaithe mar seo: éadomhain-ghearrtha, idéalach agus domhain-ghearrtha.
Cén feiniméan a tharlaíonn ag (i) A, (ii) B?
 - (f) Liostaigh dhá airí atá ag radaíocht ultraivialait.
 - (g) Céard í an *iarmhairt fhótaileictreach*?
 - (h) Tabhair dhá shampla d'airí teirmiméadrach.
 - (i) Is í an chothromóid a úsáidtear chun teocht θ a shainmhíniú ar an scála Celsius ná $\frac{\theta}{100} = \frac{X_{\theta} - X_0}{X_{100} - X_0}$
Cad dó a seasann X_{θ} agus X_{100} ?
 - (j) Luaigh dhá fhoshuíomh a ghabhann le teoiric chinéiteach na ngás.
 - (k) Tabhair úsáid amháin a bhaintear as toilleoir.
 - (l) Iarrtar ar mhac léinn leictreascóp a luchtú go deimhneach trí ionduchtú. Tugadh slat, a bhí luchtaithe go diúltach, in aice le caipín an leictreascóip, mar a léirítear i bhFíor 3. Cad iad na céimeanna a chaithfear a thógáil chun an próiseas a chríochnú?
 - (m) Ríomh an fuinneamh a tháirgtear nuair a shreabhann sruth 13 A trí phíosa de shreang fiúis le friotaíocht 0.1Ω agus má leánn sé í in 0.2 s.
 - (n) Cad is brí leis an *imchoimeád maise-fuinnimh* in imoibrithe núicléacha?
 - (o) Cad iad na coinníollacha atá ag teastáil chun go dtarlódh imoibriú comhleá núicléach?



Fíor 1



Fíor 2



Fíor 3

(11 × 6)

2. Sainmhínigh (i) fuinneamh cinéiteach, (ii) cumhacht. (12)

Luaigh *dáilí gluaisne Newton*. (6)

Conas a dhíortháitear an t-aonad fórsa, an niútan, ó dhara *dlí gluaisne Newton*? (6)

Rinne mac léinn turgnamh chun a thaispeáint go bhfuil luasghéarú ruda comhréireach go díreach leis an bhfórsa a fheidhmítar air.

Tarraing léaráid lipéadaithe de ghaireas oiriúnach.

Luaigh cad iad na tomhais a rinneadh agus conas a cruthaíodh an coibhneas idir an luasghéarú agus an fórsa a feidhmíodh. (18)

Bhí tiománaí charr rása Foirmle 1, de mhais luchtaithe 640 kg, ag taisteal ar 75 m s^{-1} ar stráice cothrománach díreach de chiorcad rása, mar a thaispeántar i bhFíor 4. Bhrúigh an tiománaí ar na coscáin thar na 25 m deiridh chun an luas a laghdú go dtí 60 m s^{-1} chun a bheith ábalta dul timpeall an chéad chasaidh eile den chiorcad.



Ríomh

- (i) luasghéarú an chairr ag teacht go dtí an casadh
- (ii) an t-am a caitheadh ag brú ar na coscáin
- (ii) an fórsa a d'fheidhmigh na coscáin
- (iii) an chumhacht a gineadh nuair a bhí na coscáin á mbrú. (21)

Fíor 4

Cén tontú fuinnimh a tharlaíonn nuair a bhíonn na coscáin á mbrú? (3)

3. (a) Luaigh *dlíthe athraonta an tsolais*. (12)

(b) I dtéarmaí gathanna solais, idirdhealaigh idir fíoríomhá agus íomhá fhíorúil. (6)

(c) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun an fad fócasach ag lionsa dronnach (inréimneach) a thomhas. (15)


(d) Cuirtear frithne 30 cm os comhair lionsa dhronnaigh d'fhad fócasach 12 cm.

Ríomh

- (i) an fad atá íomhá na frithne seo ón lionsa
- (ii) formhéadú na híomhá i gcoibhneas leis an bhfrithne. (12)

(e) Tarraing léaráid chun cruthú íomhá i lionsa dronnach a thaispeáint, nuair a úsáidtear é mar mhicreascóp simplí (gloine formhéadúcháin). (9)

(f) Is é atá i mricreascóp comhshuite ná dhá lionsa dhronnacha **A** agus **B** d'fhad fócasach f_A agus f_B , faoi seach. Cuirtear frithne **O** díreach lasmuigh d'fhócas an réadlionsa **A** agus cruthaítear a híomhá **I** ag fócas lionsa an tsúilphíosa **B**, mar a thaispeántar i bhFíor 5.



Fíor 5


Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar agus taispeáin cruthú na híomhá deiridh ag lionsa an tsúilphíosa **B**.

Déan cur síos ar an íomhá dheiridh. (12)

4. Déanann na gásdlíthe cur síos ar na coibhniis éagsúla idir brú, toirt agus teocht mais chinnte de ghás.
Luaigh *dlí Boyle*. (6)
Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun dlí Boyle a fhíorú. (18)
- Déan idirdhealú idir fiorghás agus gás idéalach. (6)
Cad iad na coinníollacha (i) teochta, (ii) brú, faoina mbíonn iompar fiorgháis cosúil le hiompar gás idéalach?
Cosain do fhereagraí. (12)

I bhFíor 6 taispeánann na línte A agus B an coibhneas turgnamhach idir an toirt V agus an teocht θ ar an scála Celsius don mhais chinnte chéanna de ghás ocsaigine ag dhá bhrú dhifriúla, $P_1 = 4.04 \times 10^5$ Pa agus P_2 , faoi seach.

Seasann líne C don choibhneas teoiriciúil idir toirt agus teocht mais chinnte de ghás idéalach.



Fíor 6

Agus luach P_1 á úsáid agat chomh maith leis na sonraí as Fíor 6,

- (i) ríomh líon na mól de ghás ocsaigine atá sa sampla
- (ii) déan amach luach P_2
- (iii) luaigh luach X. (18)


Déan cur síos ar an thábhacht a bhaineann leis an bpointe $(X, 0)$ ar an ngraf. (6)

5. Luaigh *dlí Ohm*.

Sainmhínigh an *t-aimpéar*, an t-aonad SI do shruth. (15)

Úsáideadh an ciorcad a thaispeántar i bhFíor 7 chun dlí Ohm a fhiosrú i dtaca le seoltóir miotalach. Tomhaiseadh an sruth I tríd an seoltóir ag luachanna difriúla den difríocht poitéinsil V thairis.

Taifeadadh na sonraí seo a leanas.




Fíor 7

- | V/V | 1.00 | 2.00 | 3.00 | 4.00 | 5.00 | 6.00 | 7.00 | 8.00 |
|-------|------|------|------|------|------|------|------|------|
| I/A | 0.08 | 0.17 | 0.25 | 0.33 | 0.42 | 0.47 | 0.50 | 0.51 |
- (i) Agus na sonraí á n-úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun an coibhneas idir an difríocht poitéinsil V agus an sruth I don seoltóir a thaispeáint. (15)
 - (ii) Mínigh cén fáth a bhfioraíonn an graf dlí Ohm don seoltóir seo ag sruthanna ísele ($I < 0.4$ A) ach nach bhfioraíonn sé é ag sruthanna níos airde ($I > 0.4$ A). (6)
 - (iii) Mol cúis nach ngéilleann an seoltóir do dhlí Ohm ach amháin nuair atá an sruth I , atá ag sreabhadh tríd, beag. (3)
 - (iv) Bain úsáid as do ghraf chun an fhriotaíocht R ag an seoltóir miotalach ag sruthanna ísele a ríomh (6)

I bhFíor 8 taispeántar galbhánaiméadar luailchorna.

- (v) Cad é an prionsabal oibriúcháin galbhánaiméadar luailchorna? (9)
- (vi) Cén aidhm atá ag an lingeán athlonnaithe? (3)
- (vii) Mínigh conas a úsáidtear friotóir, ar a nglaoitear seachróid, chun galbhánaiméadar luailchorna a thiontú ina aimpmhéadar. (9)



Fíor 8

6. Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas, (a), (b) (c), (d). Gabhann 33 marc le gach ceann díobh.

(a) Luaign *dli imtharraingthe Newton*. (6)

Déan cur síos ar thurgnamh chun an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe, *g*, a thomhas. (18)

Ríomh an fórsa imtharraingthe idir dhá rud, mais 5.0 kg iontu araon, agus iad 0.25 m óna chéile ar bhord cothrománach. (6)

Mínigh cén fáth nach gcuireann an fórsa imtharraingthe seo an dá sféar ag gluaiseacht i dtreo a chéile. (3)

(b) Cad is brí le *trasnaíocht* tonnta?

Déan idirdhealú idir trasnaíocht dhearfach agus trasnaíocht mhillteach. (9)

Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar conas a léireofá patrún trasnaíochta agus foinse de sholas monacrómatach á húsáid agat. (9)

Ríomh an fuinneamh ag fótón de sholas monacrómatach de thonnnfad 589 nm. (12)

Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi. (3)

(c) Luaign *dli Faraday maidir le hionduchtú leictreamaighnéadach*. (6)

Déan cur síos ar iompar na leictreon i seoltóir a iompraíonn

- (i) sruth díreach (s.d.)
 - (ii) sruth ailtéarnach (s.a.).
- (6)

Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar conas a oibríonn claochladán. (12)

Tabhair slí amháin chun caillteanas fuinnimh i gcloachladán a laghdú. (3)

In Éirinn, soláthraítear an voltas príomhlíonra ag 230 V s.a. agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá is é an voltas príomhlíonra ná 110 V s.a.

Taispeántar i bhFíor 9 cuibheoir voltas taistil a ceannaíodh in Éirinn lena úsáid i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus tá claochladán ann chun soláthar 110 V a athrú ina sholáthar 230 V.

Má tá 46 lúb sa chorna príomhúil sa chcloachladán, cé mhéad lúb atá sa chorna tánaisteach? (6)



Fíor 9

(d) Sa tionóisc núicléach a tharla i Seapán i Mártá 2011, scaoileadh isteach sa timpeallacht na raidiseatóip iaidín-131 agus caeisiam-137, agus is astaíré béite-cháithníní iad an dá cheann acu. Is é leathré iaidín-131 ná 8 lá agus is é leathré caeisiam-137 ná 30 lá. Ba é eamhnú núicléach an bhreosla úráiniam-235 sna himoibreoirí núicléacha a tháirg na hiseatóip seo a sceitheadh.

- (i) Cad is eamhnú núicléach ann? (3)
- (ii) Tabhair dhá airí atá ag béite-cháithníní. (6)
- (iii) Cén fáth a bhfuil imní ann faoi scaoileadh na dtáirgí eamhnacha seo isteach sa timpeallacht? (3)
- (iv) Cén fáth a bhfuil níos mó imní ann faoin chaeisiam-137 ná faoin iaidín-131? (3)
- (v) Cén codán den iaidín-131, a sceitheadh ar lá áirithe, a bheadh fágtha 32 lá níos déanaí? (9)
- (vi) Scríobh cothromóid núicléach do mheath núicléas iaidín-131 nuair a astaíonn sé béite-cháithnín. (9)

ROIINN II – CEIMIC (200 marc)

7. Freagair **aon cheann déag** de na míreanna seo a leanas, (a), (b), (c), etc.
Tá na míreanna uile ar aon mharc. *Bíodh do chuid freagrai gearr.*

- (a) Cé méad (i) neodrón, (ii) leictreon, atá san ian ${}^9_4 \text{Be}^{2+}$?
- (b) Sainmhínigh *fuinneamh céadianúcháin* mól d'adaimh ghásacha neodracha.
- (c) I bhFíor 10 taispeántar an criostalstruchtúr diamaint.
Mínigh, i dtéarmaí nasctha, cén fáth a bhfuil sé deacair diamant a ghearradh.
- (d) Cad dó a seasann na téarmaí E_2 agus f sa chothromóid $E_2 - E_1 = hf$?
- (e) Cé mhéad móilín atá i 672 cm^3 de ghás aonocsaíde carbón nuair a thomhaistear ag TBC é?
- (f) Déan idirdhealú idir imoibriú *eisiteirmeach* agus imoibriú *inteirmeach*.
- (g) Cén fáth a seolann clóiríd sóidiam leictreachas i dtuaslagán ach nach seolann sa staid sholadach é?
- (h) Ríomh an pH atá ag tuaslagán 0.05 M de hiodrocsaíd photaisiam.
- (i) Scríobh cothromóid chothromaithe cheimiceach don imoibriú bríomhar a tharlaíonn idir sóidiam agus uisce.
- (j) Tabhair mórúsáid a bhaintear as (i) dé-ocsaíd sulfair, (ii) sárocsaíd hidrigine.
- (k) Cothromaigh an chothromóid cheimiceach seo:



- (l) Ríomh an céatadán de chlóirín de réir maise i nimh do fhrancaigh a bhfuil clóiríd bhairiam (**BaCl₂**) inti.


- (m) Tarraing struchtúr isiméir de 2-meitiolprópán.

- (n) Déantar meascán de mhól amháin de mheatán agus mól amháin de chlóirín a nochtadh faoi sholas na gréine.
Scríobh síos an chothromóid don imoibriú seo.


- (o) Nuair a rinneadh comhdhúil orgánach agus feinilhiodraisín a théamh go réidh i bpromhadán, mar a thaispeántar i bhFíor 11, nochtadh deascán oráiste.

Dearbhaíonn an toradh seo go bhfuil grúpa *carbóinile* i láthair sa chomhdhúil orgánach.

Tarraing struchtúr an ghrúpa carbóinile.



Fíor 10



Fíor 11

(11 × 6)

8. (a) Sainmhínigh (i) uimhir adamhach, (ii) maisuimhir adamhach, (iii) mais adamhach choibhneasta. (12)

(b) Tá copar, a thagann ón nádúr, déanta as 69.15% $^{63}_{29}$ Cu agus 30.85% $^{65}_{29}$ Cu.

Ríomh an mhais adamhach choibhneasta ag copar, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

Déan cur síos ar an nascadh i miotal copair.

Is miotal trasdultach é copar. Tabhair airí sainiúil amháin atá ag miotal thrasdultacha. (18)

- (c) Sainmhínigh *leictridhiúltacht*.

Bain úsáid as luachanna leictridhiúltachta chun réamhinsint a thabhairt ar an gcineál nasctha i móilín d'amóinia (NH_3).

Tarraing léaráid chun an nascadh i móilín amóinia a thaispeáint.


Bain úsáid as teoiric éaradh leictreondíse chun réamhinsint a thabhairt ar an geruth agus ar an nascuillinn i móilín amóinia.

Cén fáth a mbíonn móimint dhépholach ag móilín amóinia? (27)

- (d) Ainmnigh an saghas nascadh idirmhóilíneach a tharlaíonn in oighear mar a thaispeánann na línte poncaithe i bhFíor 12.

Tabhair airí ag uisce leachtach a luaitear leis an saghas seo nasctha idirmhóilínígh.

Cad a tharlaíonn do na naisc idir mhóilíneacha seo nuair a fhiuchann uisce? (9)



Fíor 12

9. Is féidir le rótháirgeadh aigéad hidreaclórach i ngoile duine a bheith mar chúis le míchompord ar a dtugtar ‘mí-dhileá’ nó ‘dó croí’. Is féidir faoiseamh a fháil uaidh seo ach substaint bhunata nó ‘frithaigéad’ a shlogadh. Uaireanta úsáidtear hidrigincharbónait sóidiam (sóid aráin) mar fhrithaigéad.

Toirtmheascadh tuaslagán de hidrigincharbónait sóidiam le tuaslagán caighdeánach d'aigéad hidreaclórach chun tiúchan an tuaslagáin de hidrigincharbónait sóidiam a aimsiú.

Is í an chothromóid chothromaithe don imoibriú toirtmheasctha ná:



Cuireadh cúpla braon de tháscaire oráiste meitile isteach i bhfleascán cónlíl ina raibh 25 cm^3 den tuaslagán de hidrigincharbónait sóidiam sular thosaigh an toirtmheascadh. Ar an meán, theastaigh 21.4 cm^3 den tuaslagán 0.12 M d'aigéad hidreaclórach ón tuaslagán de hidrigincharbónait sóidiam le haghaidh neodraithe.

- (a) Mínigh an téarma thusa a bhfuil líne faoi. (3)

- (b) Déan cur síos ar an modh oibre chun pípéad a rinseáil, a líonadh agus a úsáid chun díreach 25 cm^3 den tuaslagán de hidrigincharbónait sóidiam a chur ar fáil. (18)

- (c) Rinneadh dhá oibríocht sa fhleascán cónlíl le linn an toirtmheasctha. Cad iad na hoibríochtaí iad seo agus cén aidhm a bhí le gach ceann acu? (12)

- (d) Cén fáth a raibh sé tábhachtach **gan** uisce buacaire a úsáid sa turgnamh? (6)

- (e) Luagh an t-athrú datha a breathnaíodh sa fhleascán cónlíl ag an gcríochphointe. Mínigh cén fáth a raibh oráiste meitile ina tháscaire oiriúnach don toirtmheascadh seo. (9)

- (f) Ríomh tiúchan an tuaslagáin de hidrigincharbónait sóidiam
 (i) ina móil in aghaidh an lítr
 (ii) ina graim in aghaidh an lítr. (12)


- (g) Cén toirt d'aigéad goile de thiúchan 0.12 M a neodraitear má óltar 50 cm^3 de thuaslagán sóid aráin agus é den tiúchan chéanna leis an tuaslagán de hidrigincharbónait sóidiam a úsáideadh sa toirtmheascadh seo? (6)

10. Is miotal láidir de dhlús íseal é maignéisiam, a úsáidtear le halúmanam i monarú cóimhiotal éadrom i dtionscail an aeraspáis agus na ngluaisteán.

Tá maignéisiam ar fáil in uisce mara i bhfoirm a shalann, e.g. MgO agus MgCl₂.

- (a) Cén fáth nach bhfuil miotal maignéisiam ar fail saor sa nádúr? (3)
 (b) Déan comparáid idir imoibriocht maignéisiam, alúmanaim agus airgid le huisce. (9)
 (c) Sainmhínigh (i) ocsáidiú, (ii) dí-ocsáidiú, i dtéarmaí traschur leictreon.

Déantar miotal maignéisiam a eastóscadh as ocsáid mhaignéisiam ag teochtaí arda san imoibriú seo:



Ainmnigh (i) an tsubstant a dhí-ocsáidítear, (ii) an speiceas a ghníomhaíonn mar dhí-ocsáideoir.

Conas a dhéanann píosaí de mhiotal maignéisiam, atá ceangailte de phíopaí faoi thalamh nó de struchtuir faoi uisce atá déanta as iarann nó cruach, na rudaí seo a chosaint ar chreimeadh? (15)

- (d) Is féidir miotal maignéisiam a eastóscadh freisin trí leictrealú clóiríd mhaignéisiam leáite agus leictreoidí táhma á n-úsáid mar a thaispeántar i bhFíor 13.

Cad is leictrealú ann?


Luaigh céad-dlí Faraday um leictrealú. (12)

Scríobh cothromóidí cothromaithe do na himoibrithe ag an gcatóid agus ag an anóid.

Cén fáth a gcaithfidh an chlóríd mhaignéisiam a bheith leáite? (15)


Seoltar sruth 90 000 A tríd an gclóríd mhaignéisiam leáite ar feadh 30 soicind.

Ríomh (i) an lucht a shreabhann, (ii) an mhais de mhaignéisiam a tháirgtear. (12)



Fíor 13

11. I bhFíor 14 taispeántar conas is féidir líon áirithe de chomhdhúile orgánacha úsáideacha a idirfhiontú.



Fíor 14

- (a) Mínigh gach ceann de na téarmaí seo a leanas: (i) *feidhmghríupa*, (ii) *sraith homálógach*. (12)
 (b) Is breosla maith agus tuaslagóir tionsclaioch tábhachtach é eatánól. Ainmnigh an tsraith homálógach a mbaineann eatánól léi. (3)
 (c) Is breosla maith é an hidreacarbón sáithithe, eatán, ach is é a dhéantar leis an gcuid is mó den eatán a tháirgtear ná é a thiontú ina eitén, hidreacarbón neamhsháithithe. Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu. (12)
 (d) Tabhair mórúsáid a bhaintear as (i) eitén, (ii) aigéad eatánóch. (6)
 (e) Ainmnigh an t-imoibreán a úsáidtear le haghaidh thiontú **B** i saotharlann scoile. (3)
 (f) Ainmnigh an feidhmghríupa i gcomhdhúil **X**. (3)
 (g) Ainmnigh (i) imoibriú suimiúcháin, (ii) imoibriú malartaithe, (iii) imoibriú ocsáidiúcháin, i bhFíor 14. (9)
 (h) Déan cur síos, le cabhair léaráide lipéadaithe, ar thurgnamh chun eitín a ullmhú, an gás a úsáidtear mar bhreosla i dtáthú ocsaicéitiléine. (12)
 (i) Ainmnigh agus tarraing foirmle struchtuirach $\text{CH}_3\text{COOC}_2\text{H}_5$ is féidir a úsáid mar thuaslagóir chun caife a dhíchaiféiniú nó chun vearnais ingne a bhaint. (6)


12. Freagair **trí cinn** ar bith díobh seo a leanas, (a), (b), (c), (d). Gabhann 22 marc le gach ceann díobh.

- (a) Sainmhínigh (i) *leibhéal fuinnimh* adamh, (ii) *fithiseán* adamhach.

Ainmnigh an sórt fithiseán adamhach a thaispeántar i bhFíor 15.

Scriobh an chumraíocht leictreon (*s,p*) atá ag adamh fosfair.

Cé mhéad fithiseán adamhach atá tógha suas ag leictreoin in adamh fosfair ina bhunstaid?



Fíor 15

- (b) Sainmhínigh (i) *aigéad*, (ii) *péire comhchuingeach*, de réir theoiric Brønsted-Lowry.


Déan idirdhealú idir aigéad láidir agus aigéad lag agus an teoiric seo á húsáid agat.

Ainmnigh péire comhchuingeach agus speiceas atá ag gníomhú mar bhun san imoibriú seo a leanas.



- (c) Sainmhínigh an *mól*, an t-aonad SI don mhéid de shubstaint.

Imoibríonn an chomhdhúil amfaiteireach ocsaíd alúmanaim le haigéad hidreaclórach de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas.



Nuair a d'imoibrigh 10.2 g d'ocsáid alúmanaim le haigéad hidreaclórach, ríomh

- (i) líon na mól d'ocsáid alúmanaim a úsáideadh
- (ii) líon na mól uisce a cruthaíodh
- (iii) an mhais de chlóiríd alúmanaim a cruthaíodh san imoibriú seo.



Cad is brí leis an téarma *amfaiteireach*?

- (d) Sainmhínigh *teas docháin*.

Sa tionscal peitriceimiceán, tionscaítear heaptán C_7H_{16} ina hidreacarbón aramatach C_7H_8 , de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas.



Bain úsáid as dlí Hess agus na teasa imoibrithe sa liosta thíos chun an t-athrú teasa a ríomh san imoibriú seo.



I bhFíor 16 taispeántar struchtúr móilín den hidreacarbón aramatach C_7H_8 . Ainmnigh an chomhdhúil seo.

Fíor 16

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán